An Bord Pleanála

FORBAIRT BHONNEAGAIR STRAITÉISIGH

Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2010

Uimhir Thagartha an Bhord Pleanála: 16.GA0004

(Údarás Áitiúil: Comhairle Chontae Mhaigh Eo)

IARRATAS chun ceadú a fháil faoin alt 182C(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, ó Shell E agus P faoi chúram RPS Group, 5ú Úrlár, Bloc E, Cúirt Uíbh Eachach, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath de réir pleananna agus sonraí, san áireamh Ráiteas Tionchar Comhshaoil, taiscthe ar dtús leis An Bord Pleanála ar an 12ú lá de mhí Feabhra, 2009, agus mar a thuairiscítear sa bhfhógra poiblí faighte ar an dáta céanna, agus de réir mar a bhí athraithe sa Ráiteas Tionchar Comhshaoil faighte ag an mBord Pleanála ar an 31ú lá de Mheitheamh, 2010 agus mar a thuairiscítear tuilleadh sa fhógra poiblí faighte ag An Bord Pleanála ar an 6ú lá de mhí Iúil, 2010.

AN FHORBAIRT BHEARTAITHE: Cead chun Phíblíne Cois Cladaigh na Coiribe le tógáil ina mbeidh píblíne gáis uas-sruthach infreastruchtúr straitéiseach ann.

Tá an phíblíne ardsruthach atá beartaithe istigh is amuigh le 9.2km ar fhaid, le gás aiceanta agus le fothorthaí bainteacha a iompar ó Mhaigh Ghás na Coiribe mar atá, go dtí críochfort gáis ag Droichead Béal an Átha Bhuí, Contae Mhaigh Eo; seancheadaithe faoi uimhir thagartha an údaráis pleanála P03/3343 (uimhir thagartha an Bhord Pleanála PL 16.207212). ‘Séard atá i gcóras na píblíne atá beartaithe ná an phíblíne intíre gáis féin, imleacáin do sheirbhísí bainteacha agus cáblaíocht riactanach eile a shíneann freisin idir Mhaigh Ghás na Coiribe agus an críochfort, agus píblíne do shruth éalaithe ag síneadh ón gcríochfort go hionad atá c.12.7km amuigh sa bhfarraige. Síneann an phíblíne atá beartaithe, ó phointe ar an gcladach i mbaile fearann Ghleann an Ghaid (Dún Ceartain), Contae Mhaigh Eo, go hiondúil ar bhealach soir, trasna Bhá Sruth Fada Con agus ansin thar fhéarach gar d’áitreabh an Ros Dumhach (Rosphoirt), sula a dtrasnaíonn sé arís eile Bá Sruth Fada Con agus ansin ag rith soir agus ó dheas, trí bhailte fearann Na hEachú agus Béal an Ghoile Theas, agus isteach sa chríochfort gáis ag Droichead Bhéal an Átha Bhuí. Tá sé ceapaithe an phíblíne a leagan taobh istigh de dhorchla le leithead ginearálta de 40m go 100m. Beidh cead slí buan na píblíne idir 14m agus 20m ar leithead. Mar thoradh ar an bhforbairt tógfar as úsáid dhá theach atá taobh istigh d’áitreabh an Rosphoirt chomh fada agus a leanann an phíblíne ag feidhmiú.

Os cionn talún mar chuid den fhorbairt bheartaithe beidh Comhla Insealbhaithe an Chladaigh (LVI) mar aon le córas éalaithe usice dromchla suite i mBaile Fearann Ghleann an Ghaid (Dún Ceartáin) agus san áireamh fresin beidh úsáid bhuan leanúnach agus uaschothabháil bhainteach an bhóthair áise atá ann faoi láthair, ó bhóthar poiblí L1202 go dtí an suíomh molta don Chomla Intíre (LVI). Tá an LVI deartha le teorainn a chur leis an mbrú sa phíblíne intíre go 144 bar nó níos lú. Clúdaíonn an tionscnamh atá molta, an tógail go léir, buan nó sealadach, atá bainteach leis, idir forbairt suímh agus oibreacha garraíodóireachta, mar aon le clóis sealadacha mar shuímh do chúrsaí tógála, chomh maith le úsáid sealadach den chlós tógála atá ann faoi láthair agus ina dteannta siúd bóithre áise inmheánacha laistigh de shuíomh an chríochfoirt agus úsáid na mbealach rochtana amach ar chóras na mbóithre poiblí a ceadaíodh cheana féin faoi uimhir thagartha an údaráis pleanála P03/3343 (uimhir thagartha achomhairc an Bhord Pleanála PL 16.207212).

Gheofar bealach isteach ag feithiclí a fhreastalaíonn ar dhorchla na píblíne, ag na pointí a dtrasnaíonn an dorchla agus bóithre poiblí a chéile. Trasnóidh an fhorbairt bheartaithe na bóithre poiblí ag 4 (uimhir) ionad – 3 (uimhir) i mbaile fearann an Ros Dumhach agus ceann amháin i mbaile fearann An Ghoile Theas. Tá sé beartaithe mionfheabhsú a dhéanamh ar an gcrosaire L-52453-0 and L-52453-25 i mbaile fearann Ros Dumhach mar áis don trácht tógála.

Clúdaíonn an moladh importáil agus leagan anuas 75,000 m³ móna a thochlófar ar bhealach na píblíne isteach agus laistigh de shuíomh stórála Bhord na Mona i mbailte fearann an Srath Mór agus Áit a'Bhaile, Iorras, Contae Mhaigh Eo (Suíomh na Sraithe Móire) atá ceadaithe cheana féin faoi faoi uimhir thagartha an údaráis pleanála P03/3343 (uimhir thagartha achomhairc an Bhord Pleanála PL 16.207212). Clúdaíonn an tionscnamh molta chuile oibriúchán suímh, buan agus sealadach, infreastruchtúr agus áiseanna a éascóidh gach feidhmíocht agus gníomhaíocht an ionaid féin agus san ionad ag an Srath Mór. Teastóidh ceadúnas dramhaíola ar leith don ghníomhaíocht atá ceapaithe don Srath Mór.

De bharr iarratais ón mBord Pleanála ar an ngnóthaire faoin alt 182C(5) den Acht um Pleanála agus Forbartha, 2000, arna leasú, a chur i bhfeidhm ar an bhforbairt bheartaithe san áireamh treoir na píblíne a athrú, tá an fhorbairt bheartaithe athraithe de réir mar atá leagtha amach sa Ráiteas leasaithe Tionchar Comhshaoil faighte ag an mBord Pleanála ar an 31ú lá de Mheitheamh, 2010, seo mar a leanas:

Síneann an píbline athchóirithe ón bpointe barr taoide go dtí an bpointe ar an talún ag Gleann an Ghad i gContae Mhaigh Eo, ar bhealach faoi Bhá Sruth Fada Con go dtí baile fearainn na hEachú agus go dtí baile fearainn Béal an Ghoile Theas, agus isteach sa Chríochfort Gáis i mBéal an Átha Bhuí.

Tá dreach na n-athraithe sonraithe le feiceáil thíos (Tá na logainmneacha go léir a luaitear suite i gContae Mhaigh Eo ach amháin Bá Sruth Fada Con a bhfuil cuid de sa chladach).

- Tá bealach athraithe na píblíne le bheith faoi Bhá Sruth Fada Con (agus inrianta chuige) idir slabhraíocht 83+910 agus 89+550 (mar a bhí na slabhraíochtaí píblíne i 2009) (Gleann an Ghad agus Na hEachú);
- Méadú suntasach níos mó ar an fhad eatarthu a scarann óna chéile an phíblíne molta agus an teach cónaithe is goire a bhfuil daoine ina gcónaí ann;
- Tá fad na píblíne gearrtha go 8.3km, ísliú de 0.9km;
- 'Séard atá i gceist ná an píblíne a shocrú i dtollán, a bhfuil trastomhas seachtrach 4.2m aige, ó Na hEachú go Gleann an Ghad ar an mbealach athraithe faoi Bhá Sruth Fada Con (agus na hinrianta chuige) ar feadh 4.9km;
- Beidh tuairim is 4.6 km den tollán faoi Bhá Sruth Fada Con;
- 'Sé an tUasbhrú Oibriúcháin Ceadaithe (MAOP) sa Phíblíne Intíre (idir Comhla Suite Intíre (LVI) agus an críochfort ag Droichead Bhéal an Átha Buí ná 100 barg;
- 'Sé an tUasbhrú Oibriúcháin Ceadaithe (MAOP) den phíobán thar chladach amach (uas-sruthach de agus ag áireamh an LVI) ná 150 barg;
- Níl an píblíne suite níos mó taobh istigh den Áitreabh le Tosaíocht I gCoimpléasc Phortach Gleann na mBuaidhe (cSAC);
- Tógfar an tollán i dtreo amhain ó Na hEachú agus cuirfear an píblíne le chéile sula leagfar é sa tollán ó Na hEachú; mar thoradh air sin beidh an clós tollánaithe ag Na hEachú níos mó agus feicfear i bhfad níos mó gníomhaíochtaí ann seachas ag an gclós tollánaithe ag Gleann an Ghad agus ní bheidh aon ghníomhaíocht tógála ag Ros Dumhach;
- Tá an roinn sin den Phíblíne ó shlabhraíocht 83+400 go dtí an pointe barr taoide áirithe san iarratas forbartha.

Áirítear freisin na hathraithe leantacha don fhorbairt atá ag eascairt as na hathruithe sonraithe. Ina measc tá: imleacán breise, cábla breise, cábla snáthoptaic, píobán taoscaithe uisce laistigh den tollán, méadú ar leithead an bhóthair cloiche le 3m go 12m, iompar ábhar go clós tollánaithe Na hEachú, toirt mhéadaithe den ábhar tochailte (c.68,000 m ciúbaithe) agus téarma níos faide do na hoibreacha tógála.

CINNEADH

CEADÚ A THABHAIRT faoin alt 182D den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, don fhorbairt beartaithe thuasluaite de réir pleananna agus sonraí thuasluaite mar gheall ar na cúiseanna agus tuisceanna atá ráite thíos agus faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear seo a leanas.

NA hÁBHAIR CURTHA SAN ÁIREAMH

Ag déanamh a chinnidh, thug an Bord aird do na nithe áirithe atá dualgas air, de bhua na n-Achtanna um Pleanáil agus Forbairt agus na Rialachán arna ndéanamh fúthu, aird a thabhairt dóibh. San áireamh bhí aon aighneacht agus tuairim a fuair an Bord faoi réir forálacha reachtúla.

CÚISEANNA AGUS TUISCEANNA

Nuair a tugtar aird ar:

(a) tábhacht straitéiseach Gháscheantar na Coiribe, i gcomhthéacs náisiúnta agus réigiúnach;

(b) forálacha Rialúcháin (AE) Uimhir 994/2010 Pharlaimint agus Comhairle na hEorpa, 20 Deireadh Fómhair 2010, maidir le bearta chun cosaint a thabhairt don sholáthar gáis do na Ballstáit, in éindigh le spleáchas an Stáit faoi láthair ar iompórtáil chun riachtanaisí fuinnimh an Stáit a shású, go háirithe i gcás gáis;

(c) polasaí náisiúnta maidir le cosaint agus iontaofacht soláthair gáis a chinntiú, mar atá leagtha amach i bpáipéar bán, "Ag Seachadadh Todhchaí Fuinnimh Inbhuanaithe d'Éirinn", 2007-2020, a bhfuil aidhm ag an bpolasaí seo go mbeidh cinnteacht agus iontaofacht faoi leith ag baint le soláthar gáis agus leictreachais, gp leathnófar ilchineálacht bhreosla, a úsáidtear chun cumhacht a ghiniúint agus go mbeidh an Stáit in ann déileáil le briseadh ar sholáthar;

(d) forálacha an Phlean Forbartha Náisiúnta, 2007-2013, maidir leis an bpríomh-áit a tugtar do shlándáil an tsoláthair fuinnimh ionas go mbeidh forbairt eacnamaíochta na tíre ag leanúint ar aghaidh;

(e) forálacha Treoirlínte um Pleanáil Reigiúnach an Iarthair, 2010-2022, chun usáid is mó a bhaint as acmhainneacht gáscheantar na Coiribe;

(f) forálacha Phlean Forbartha Chontae Mhaigh Eo 2008-2014, chun usáid is mó a bhaint as acmhainneacht gáscheantar na Coiribe agus maidir le cosaint gnáthóga nádúrtha agus taitneamhacht amhairc;

(g) an chinneadh déanta ag an mBord Phleanála cead pleanála a thabhairt chun críochfort gáis a thógáil i mBéal an Átha Buí le freasta ar Gháscheantar na Coiribe, faoi uimhir achomhairc PL 16.207212, críochfort atá beagnach tógtha;

(h) an t-aontú ceadaithe faoi Alt 40 den Acht Gáis, 1976 maidir leis an bpíblíne gháis a thógaint ó gháscheantar na Coiribe go dtí Gleann an Ghad, píblíne atá beagnach tógtha

(i) na forálacha den Acht Peitriliam (a Thaiscéaladh agus a Bhaint) Sábháilteacht, 2010 a chuireann smacht agus sábhaiteacht ar monarchana gáis;

(j) na hathruithe curtha i bhfeidhm ar an bpíblíne, go háirithe maidir le treo na píblíne agus an brú oibriúcháin, a beartaíodh mar fhreagairt ar an bhfógra eisithe ag an mBord Pleanála ar an 2ú lá mí Shamhna faoi Alt 182 C(5) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, athruithe a chuireann níos mó béime ar chúrsaí sábháilteachta, cosaint oidhreachta nádúrtha agus taitneamhacht chónaithe;

(k) An Ráiteas Tionchair Timpeallachta atá athbhreithnithe, na bearta maolaithe faighte ag an mBord Phleanála ar an 31ú lá Mheitheamh, 2010 agus an t-eolas breise seolta chuig an éisteacht ó bhéal san áireamh

(l) An t-am teoranta atá ar fail don tréimhse togála, agus laghdú ar na tionchair ar thaitneamhacht amhairc agus cónaithe dá bharr sin;

agus, tar éis aire a thabhairt do na haighneachtaí agus na tuairimí seolta chuig an mBord i ndáil leis an iarratas agus go háirithe ag tabhairt aire do thuarascála an phríomh-Chigire, a stiúraigh an éisteacht ó bhéal, agus ag tabhairt aire dona tuarascála breise, ordaithe ag an mBord maidir le (i) Dearadh agus Sabháilteacht na Píblíne, (ii) Bogadh Talún agus Cobhsaíocht Mhóna agus (iii) reachtaíocht, oidhreacht nádúrtha, tírdhreach, sil-leagan móna agus an tairbhe don phobal áitiúil, meastar go gcabhródh an fhorbairt bheartaithe, arna leasú agus faoi réir na gcoinníollacha leagtha amach thíos, le éileamh an Stáit fuinneamh a choimeád slán, go mbeadh tairbhí i gceist d'Iarthar na tíre, nach ndéanfadh an fhorbairt bheartaithe díobháil mhór dona áiseanna cónaithe nó do mhaoin sa cheantar, nach mbeadh sí ag dul in aghaidh sláinte nó sabháilteacht an phobail, nach mbeidh tionchair suntasacha ar an gcomhshaol nó aon suíomh Eorpach, go mbeadh sí inghlactha maidir le sábhailteacht agus áis tráchta agus nach sáródh sí forálacha Plean Forbartha Chontae Mhaigh Eo, 2008-2014. Dá bhrí sin, bheadh an fhorbairt beartaithe ar aon dul le pleanáil cuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

COINNÍOLLACHA

Soiléiriú ar Mhéid na Forbartha Ceadaithe

1. Seachas an mhéid atá leasaithe sna coinníollacha iniata leis an gceadú seo, cuirfear an fhorbairt bheartaithe atá ceadaithe i gcríoch de réir an fhorbairt Cois Cladaigh Píblíne Gháis na Coiribe, arna leasú agus mar a thuairiscítear san Ráiteas Tionchar Timpeallachta, faighte ag an mBord Pleanála ar an 31 Meitheamh, 2010, san áireamh an suíomh ina mbeidh móin leagtha síos ag An Srath Mór agus na bearta maolaithe san Ráiteas Tionchar Timpeallachta, san áireamh an chéad litir iarratais faighte ag an mBord Pleanála ar an 12ú lá mí Feabhra, 2009 agus an t-eolas breise ar cháipéisí, seolta ón iarratasóir chuig an mbord i rith tréimhse na héisteachta ó bhéal i 2010, san áireamh na leasuithe.

   (Tá na caipéisí i gceist le fáil Sceideal Cáipéisí seolta ón iarratasóir go dtí an éisteacht ó bhéal 2010 agus mar atá ceangailte do na coinníollacha seo).

   Cúis: Chun soiléiriú a thabhairt don fhorbairt atá faoi réir an cheadaithe seo, ar mhaithe le cinnteacht agus ar mhaithe le pleanáil cuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

2. Ní úsáidtear an phíblíne cois cladaigh ach chun gás nádúrtha a iompar ó Gháscheantar na Coiribe. Caithfear ceadú pleanála a fháil úsáid as an bpíblíne seo chun gás a iompar ón aon gáscheantar eile.

   Cúis: Ionas go mbeidh smacht riachtanach i bhfeidhm ar an bhforbairt chun cosaint a thabhairt do shláine na píblíne cois cladaigh agus go mbeidh sé ceadaithe scrúdú a dhéanamh ar aon fairsingiú a bheith ar siúl sa gháscheantar.

Sábháilteacht an Phobail

3. Caithfidh an gnóthaire cáipéis a fháil ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag cinntiú na cóid fhorlín atá i bhfeidhm do DNV.OS.F101 nuair a úsáidtear a leithéid sna páirteanna cois cladaigh de phíblíne atá amach ón gcósta, sé sin an páirt idir an líne bharr láin agus an chéad táthán thíos an abhainn faoin Comhla Insealbhaithe an Chladaigh. Cuirfear an fhorbairt seo i bhfeidhm de réir na riachtanas seo.

   Cúis: Ar mhaithe le sláinte and sabháilteacht an phobail a chosaint.

4. Sula gcuirfear an phíblíne i bhfeidhm, beidh ráta iontafachta maidir leis an gcóras cosanta róbhrú de phíblíne cois cladaigh agus maidir leis an gcóras cosanta róbhrú phíblíne atá amach ón gcósta deimhnithe ag duine seachtrach neamhspleách, agus saineolas ag an duine seo san ábhar i gceist, ionas go mbeidh an t-údarás leis an dualgas reachtúil ar an bhforbairt ag an am (is é sin An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, nó de réir mar a bheidh) sásta glacadh leis an deimhniúchán seo agus aontaithe i scríbhinn), nó atá glacadh ag an údarás reachtúil é féin. Caithfear aontú scríofa maidir leis an deimhniúchán seo a sheoladh chuig Chomhairle Chontae Mhaigh Eo agus é curtha ar an gcomhad poiblí sula gcuirfear an phíblíne i bhfeidhm.

Cúis: Ar mhaithe le sláinte and sabháilteacht an phobail a chosaint agus ar mhaithe le hoscailteacht.

5. Ní chuirfear an phíblíne cois cladaigh thuas an abhainn i bhfeidhm chun gás a iompar ón bhfarraige ó Gháscheantar na Coiribe sula mbeidh an phíblíne tógtha, tástáilte agus coimisiúnaithe, an Chomhla Insealbhaithe an Chladaigh (LVI) agus an trealamh agus na háiseanna coimhdeacha don phíblíne críochnaithe do shástacht deimhnithe an údaráis a bhfuil dualgas reachtúil aige ag an am (is é sin An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, de réir an cháis). Caithfear aontú scríofa maidir leis an deimhniúchán seo a sheoladh chuig Chomhairle Chontae Mhaigh Eo agus é curtha ar an gcomhad poiblí sula mbeidh an phíblíne i bhfeidhm.

Cúis: Ar mhaithe le sláinte and sabháilteacht an phobail a chosaint agus ar mhaithe le hoscailteacht.

6. (a) Is é an t-uasbhrú oibre incheadaithe maidir leis an bpíblíne cois cladaigh, atá i gceist san ordú seo, ná 150 barg thuas an abhainn san áireamh an Chomhla Insealbhaithe an Chladaigh (LVI), agus thíos an abhainn tar éis an LVI caithfear an t-uasbhrú oibre incheadaithe a bheith mar 100 barg.

(b) Caithfidh an phíblíne iomlán cois cladaigh curtha faoi hidri-thriail chomh fada le 504 barg sula mbeidh na hoibríochtaí i bhfeidhm.

(c) Caithfear deimhniúchán scríofa maidir leis an tástáil seo a sheoladh chuig Chomhairle Chontae Mhaigh Eo agus é curtha ar an gcomhad poiblí sula gcuirfear an phíblíne i bhfeidhm.

Cúis: Ar mhaithe le sláinte and sabháilteacht an phobail a chosaint agus ar mhaithe le hoscailteacht.

7. Sula gcuirfear tús leis na hoibríochtaí, caithfidh an gnóthaire ceadúnas sábháilteachta ón údarás leis an dualgas reachtúil i gceannas ar an bhforbairt ag an am (is é sin An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, nó de réir mar a bheidh). Caithfear cóip den cheadúnas sábháilteachta seo a sheoladh chuig Chomhairle Chontae Mhaigh Eo agus é curtha ar an gcomhad poiblí sula mbeidh an phíblíne i bhfeidhm.

Cúis: Ar mhaithe le sláinte and sabháilteacht an phobail a chosaint agus ar mhaithe le hoscailteacht.

8. Caithfidh an gnóthaire an ionstraimíocht riachtanach a chur i láthair ionas go mbeifear in ann na corraí talún maidir le na hábhair seo a leanas a thaifead:

(a) An comhéadan suímh maidir leis an gComhla Insealbhaithe an Chladaigh leis an bpíblíne amach ón gcósta;
(b) na hidiráiteanna idir an bpíblíne leachtmhoirtéala sa tollán agus na páirteanna curtha faoi thalamh;
(c) an clochbhóthar ag na háiteanna móna dhomhain; agus
(d) An comhéadan idir na páirteanna den chlochbhóthair a bhí ann cheana féin agus na páirteanna nua a bhí leagtha síos.

Cuirfidh an gnóthaire straidhntomhsairí cobhsaí (san áireamh tomhsairí sreinge creathacha le cásáil chosanta) ar an bpíblíne ionas go mbeidh cinnteacht ann maidir leis an uasmhéid struis réamhmheasta ar an bpíblíne agus go mbeidh cruinneas an samhaltaithe cinntithe. Fanfaidh an ionstraimíocht i gceist 'in situ' go dtí go mbeidh leibhéil fhoistine cinntithe and go dtí mbeidh tréimhse ama fada go leor caite ionas go mbeidh taithí faighte ó choinníollacha timpeallachta éagsúla.

Cúis: Ar mhaithe le sláinte and sabháilteacht an phobail a chosaint.

9. Caithfidh an gnóthaire tuairisc bhliantúil píblíne a chur le chéile roimh an 31ú lá de Mhí Eanáir i ngach bhliain den oibríocht agus curtha faoi bhráid an údarais leis an dualgas reachtúil i gceannas ar an bhforbairt ag an am (is é sin An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, nó de réir mar a bheidh). Caithfear achoimre den tuairisc a sheoladh chuig Comhairle Chontae Mhaigh Eo freisin agus agus é curtha ar an gcomhad poiblí.

Cúis: Ar mhaithe le sláinte and sabháilteacht an phobail a chosaint agus ar mhaithe le hoscailteacht.

10. (a) Caithfidh an gnóthaire cloí le haon Caighdeán Slandála Líonra faoi mar a bheith socraithe ó am go ham An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (nó an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh, mar atá cuí) maidir leis na háiseanna ag an LVI i nGleann an Ghad.

(b) Caithfidh an gnóthaire athdhearadh a dhéanamh ar an bhfál slándála ag an LVI agus fál dúbailte le slándáil ardleibhéal agus geataí a thógaint, 2.8m ar airde, agus crios tuilsholais a bheith ann idir an fál ar an taobh istigh agus an fál ar an taobh amuigh. Is féidir leictreachas a chur tríd an bhfál ar an taobh istigh má comhairlíonn an Garda Síochána é sin.

Cúis: Ar mhaithe le slándáil an shíomh bhonneagair straitéisigh seo.

11. Ní féidir an phíblíne cois cladaigh atá thuas an abhainn a chur i bhfeidhm chun gás a iompar ón bhfarraige ó Ghás Cheantar na Coiribe sula mbeidh Plean Práinnfhreagartha ullmhaithe ag an ngnóthaire, don cheantar idir Gleann an Ghad, Ros Dumhach, na hEachú agus Béal an Átha Buí. Aontófar an plean idir An Garda Síochána, Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Comhairle Chontae Mhaigh Eo agus caithfidh an plean cloí leis na riachtanais atá leagtha amach sa Phlean Práinnfhreagartha i leith an cheantair. Sa phean caithfear sonraí a bheith ann ag déileáil le cúrsaí tráchta in aice leis an gcríochfort, cóngarach don LVI agus san áit ina bhfuil an phíblíne ag dul, má tharlaíonn aon mórthimpiste. Nuair a chuirtear an plean le chéile, caithfear túairimí ón bpobal a ghlacadh agus cuirfear san áireamh iad sa phlean.

Cúis: Ionas go mbeidh plean práinnfhreagartha i bhfeidhm ar mhaithe le sláinte and sabháilteacht an phobail a chosaint.

Comhaontú le Comhairle Chontae Mhaigh Eo

12. Sula gcuirfear tús leis an bhforbairt, seachas na hoibreacha atá ceangailte go díreach leis na suirbhéanna roimh chúrsaí tógála, caithfidh an gnóthaire socrú a dhéanamh le Comhairle Chontae Mhaigh Eo, beidh an socrú seo faoi cheangal dlí ar an ngnóthaire agus a chomharbaí-i-dteideal. Beidh sonraí maidir leis na hábhair seo a leanas sa socrú:

(a) caithfidh an gnóthaire an costas iomlán a íoc don údarás pleanála chun an ghréasán bóithre a dheisiú, a chothabháil agus a aisiriú, a tharlaíonn i rith tréimhse thógáil na forbartha, mar a bheidh le fáil sa suirbhé bóthair agus droichid, beidh an suirbhé seo curtha i gcrích roimh agus tar éis na tógála. Aontófar an méid airgid idir an údarás pleanála agus an gnóthaire.

(b) Plean Bainistíochta Tráchta, atá le fáil sa Ráiteas Tionchar Comhshaoil, a chur i bhfeidhm, agus is féidir é a leasú de réir na gcoinníollacha nó an cheadaithe seo nó le aontú scríofa faighte ón údarás pleanála roimhe sin;

(c) íocfar na costais deimhnithe réasúnta ag Comhairle Contae Mhaigh Eo mar gheall ar saineolaithe iompair a fhostú ag déanamh faireachán ar an bPlean Bainistíochta Tráchta, san áireamh na costais a bhaineann le lóistín agus áiseanna teileachumarsáide a chur ar fáil ar shuíomh ar son na ndaoine sin;

(d) íocfar na costais deimhnithe réasúnta ag Comhairle Contae Mhaigh Eo mar gheall ar saineolaithe comhshaoil a fhostú ag déanamh faireachán ar an bPlean Bainistíochta Comhshaoil, san áireamh na costais a bhaineann le lóistín agus áiseanna teileachumarsáide a chur ar fáil ar suíomh ar shon na ndaoine sin;

(e) scéim chun suíomh na Comhla Insealbhaithe an Chladaigh (LVI) a athchóiriú ag Gleann an Ghad agus an cead slí a bhaineann leis, ionas go mbeidh Chomhairle Contae Mhaigh Eo sásta maidir leis na torthaí, nuair a bheidh iompar gáis thart, san áireamh san athchóiriú seo caithfear gach ceann d'aon treallamh agus áiseanna atá os cionn talún a bhaint as an suíomh don leibhéal gráid, agus

(f) soláthar uisce a chur ar fáil don fhorbairt bheartaithe, ag an gComhairle Contae Mhaigh Eo.

Muna n-aontófar aon cheann den na hábhair thuasluaite caithfear an cheist a chur chuig an Bhoird chun cinnidh a dhéanamh ar an ábhar;

Cúis: Ionas go mbeidh Comhairle Chontae Mhaigh Eo in ann a chuid costas a fháil ar ais maidir leis na habhair thuasluaite agus chun cinntiú go mbeidh smacht sásúil curtha ar an bhforbairt, agus ar mhaithe le pleanáil cuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

13. Caithfear gach aontú le Comhairle Chontae Mhaigh Eo faoin gceadú seo de réir n gcoinníollacha seo a bheith i scríbhinn agus beidh cóipeanna de na n-aontuithe seo ar fáil don phobal i rith gnáth-uaireanta oifige ag oifigí Comhairle Chontae Mhaigh Eo agus le fáil san oifig an ghnóthaire i mBéal an Mhuirthid. Beidh an fhorbairt seo atá ceadaithe de réir an ordaithe seo curtha i bhfeidhm ar aon dul leis na haontuithe seo.

Cúis: Ar mhaithe le soiléireacht agus oscailteacht.

14. (1) Sula gcuirfear tús leis an bhforbairt, caithfidh Comhairle Chontae Mhaigh Eo Coiste Monatóireachta Tionscadail a bhunú ionas go mbeifear in ann faireachán a dhéanamh ar thógáil na forbartha. Beidh an Coiste Monatóireachta Tionscadail ag coimeád súil ar gach gné de chúrsaí tógála, san áireamh:

- na rioscaí geoiteicniúla mar atá leagtha amach sa Chlár Rioscaí Geoiteicniúla nó aon leasú eile a bheith déanta sa chlár rioscaí tar-éis scrúdú réamh-tógála bainte amach;
- uisce dromchla a ritheann chun srutha;
- rialú draenála;
- bainistíocht tráchta agus cothabháil bóithre;
- plean chun aisiriú a chur i bhfeidhm, agus
- ábhair eile a bhaineann leis an gcomhshaol.

(2) Ar an gCoiste Monatóireachta Tionscadal beidh beirt ón ngnóthaire agus beirt ó Chomhairle Chontae Mhaigh Eo agus beidh cuireadh seolta chuig Iascach Intíre Éireann, chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra), an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus chuig Bord na Móna chun duine amháin ó ghach eagras a bheith ar an gCoiste. Chomh maith le sin tabharfar cuireadh do cheithre ionadaí ón bpobal áitiúil i bParóiste Chill Chomáin, a roghnófar i gcomhréir le nósanna imeachta atá le réiteach ag Comhairle Chontae Mhaigh Eo, chun freastal ar an gcoiste seo. Beidh an Coiste Monatóireachta Tionscadail in ann baill eile a chur ar an gcoiste de réir riachtanas. Bíodh Bainisteoir Contae Mhaigh Eo nó duine ainmnithe aige/aici ina chathaoirleach ar an gCoiste Monatóireachta Tionscadal.

(3) Oibreoidh an Coiste Monatóireachta Tionscadail chun idirchumarsáid a choimeád idir an gnóthaire agus pobal na háite ó thaobh fadhbanna áitiúla a bhaineann le cúrsaí tógála agus tráchta. Cuirfidh an Coiste nós imeachta cumarsáide i bhfeidhm idir an gnóthaire agus an pobal a áiseoidh foráil eolais ag an ngnóthaire maidir le eachtraí agus gníomhaíochtaí áitiúla gurbh fhéidir tionchar a bheith orthu ag trácht tógála. Caithfidh an Coiste Monatóireachta Tionscadal aire a thabhairt dona tuairimí déanta maidir le tionchar na tógála agus an tráchta agus athbhreithneoidh siad na tuairimí déanta agus foillseoidh siad a gcuid torthaí i slí chuí.

Cúis: Ionas go mbeidh monatóireacht sásúil i bhfeidhm le muintir na háite i rith tréimhse tógála, agus ar mhaithe le pleanáil cuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

15. Beidh Oifigeach Comhshaoil atá cáilithe i gceart agus leis an taithí oiriúnach i rith tréimhse na tógála chun forbairt na píblíne a thógáil. Beidh an t Oifigeach Comhshaoil i dteagmháil go rialta leis an gCoiste Monatóireachta Tionscadal chun an bPlean Bainistíochta Comhshaoil a chur i bhfeidhm, san áireamh monatóireacht comhshaoil, agus tuairisceoidh an tOifigeach don choiste agus do Chomhairle Chontae Mhaigh Eo maidir le:

- haon rud mícheart leis an gcóras cosanta comhshaoil,
- haon rud a tharlaíonn agus seans truailliú a bheith ann de bharr sin,
- haon eigeandáil a tharlaíonn

agus seans réasúnta de thoradh sin go mbeidh tuilleadh truaillithe i gceist. Caithfidh an tOifigeach Comhshaoil taifead a dhéanamh faoin aon eachtraí a tharlaíonn agus na gníomhaíochtaí curtha i bhfeidhm de bharr sin. Beidh an taifead seo ar fáil ionas go mbeidh an pobal in ann iadsan a scrúdú ag oifig an ghnóthaire i mBéal an Mhuirhead i rith gnáth-uaireanta oifige.

Cúis: Ar mhaithe le rialú chomhshaoil cuí a chur i bhfeidhm i rith tréimhse tógála agus chréfoirt.

Plean Bainíostíochta Comhshaoil

16. Bíodh cur i gcríoch fhorbairt na píblíne údaraithe ag an gceadú seo, ag tógáil na hoibreacha tolláin agus tógáil Comhla Insealbhaithe an Chladaigh (LVI) san áireamh, riaraithe ag an bPlean Bainistíochta Comhshaoil. Bíodh sonraí an Phlean Bainistíochta Comhshaoil bunaithe ar fhorálacha an Ráitis Tionchar Timpeallachta, ag tógáil bearta maolaithe san áireamh, mar a mhodhnaíodh ag na haighneachtaí déanta ag an ngnóthaire do éisteacht ó bhéal na bliana 2010 agus mar a leasaófaí i slite eile ag téarmaí na gcoinníollacha iniata don cheadú seo. Ullmhóidh an gnóthaire dréacht-Phlean Bainistíochta Comhshaoil i ndiadh comhairliúcháin leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus le Iascach Intíre Éireann, agus cuirfear é faoi bhráid Chomhairle Chontae Mhuigh Eo chun aontaithe i scríbhinn. Ní chuirfear tús leis an bhforbairt go bhfaightear an t-aontú seo nó, ceal aontaithe, déanfar an t-ábhar a tharchur chuig an mBord Pleanála chun réitigh.

Go sonrach, tógfaidh an Plean Bainistíochta Comhshaoil san áireamh na hábhair seo a leanas:-

(a) An Structúr Bainistíochta agus Tuairisceoireachta.
(b) Sceideal Cuspóirí agus Spriocanna Timpeallachta.
(c) Ord agus fad na n-oibreacha éagsúla, sonraí ar an gcaoi a chuimseofar oibreacha leochailleacha séásúracha sa chlár tugtha san áireamh.
(d) Suirbhéanna réamhthógála.
(e) Ráitis modheolaíochta don Tógail.
(f) Sonraí íoslaghdaithe bogadh míreanna crochtha isteach i gcórais uisce dromchlácha, ag tógáil san áireamh dríodrú, scagachán agus maolúchán na n-uiscí dromchlácha uilig ón láithreán tógála roimh shileadh agus nósanna cothabhála dona háiseanna sin.
(g) Sonraí ar na claiseanna reatha, cainéil agus linnte síothlaithe sealadacha chun freastal ar na hoibreacha tógála, in éindigh le toilleadh chun déileáil le heachtreacha dianbháistí, bunaithe ar pharaiméadair caomhacha (de réir tarchuir i gClár Rioscaí Geoteicniúla an Ráitis Tionchair Comhshaoil).
(h) Bearta chun torann agus crith ón bhforbairt a mhonatóiriú agus a rialú, ag tógáil torann agus crith ó oibreacha tolláin faoi Bhá Sruth Fada Con san áireamh.
(i) Plean Bainistíochta Tráchta agus monatóireacht.
(j) Clár Monatóireachta do uisce dromchlách, smúit, torann agus crith, ag tógáil oibreacha tolláin faoi Bhá Sruth Fada Con san áireamh.
(k) Clár monatóireachta do eiceolaíocht.
(l) Nósanna Imeachta Gníomhartha Leasaithe.
(m) Nósanna Imeachta Práinnfhreagartha do Eachtraí Timpeallachta nó Eile.
(n) Clár Feasachta agus Traenála.
(o) Idirchaidreamh bheartaithe leis an bPobail.
(p) Clár Cumarsáide.
(q) Plean Bainistíochta Draimhíle, ag tógáil san áireamh plean íoslaghdaithe don dramhaíl tathagach ag éirí ón láithreán oibreacha tógála.

(r) Ráiteas modheolaíochta do úsáid beintinít agus monatóireacht arna húsáid.

(s) Ráiteas modheolaíochta sonrach do oibreacha athchóirithe na trá agus éadan na haille ag Gleann an Ghad, na hábhair tógtha san áireamh.

(t) Sonraí cearta rochtana do Chomhairle Chontae Mhaigh Eo chun iniúchtaí monatóireacht comhshaoil a chur i gcríoch.

Ar iarratas scríofa ó Chomhairle Chontae Mhaigh Eo, cuirfidh an gnóthaire tuarascáil ar aon ábhar sonrach comhshaoil nó iniúchadh comhshaoil chuig an gChomhairle. Bíodh an Plean Bainistíochta Comhshaoil faoi réir athbhreithniú bliantúil ag Comhairle Chontae Mhuigh Eo, i ndiaidh comhairliúcháin le Coiste Monatóireachta an Tionscadail. Modhnófaidh an gnóthaire an Plean Bainistíochta Comhshaoil i gcomhréir le aon riachtanas réasúnta ó Chomhairle Chontae Mhaigh Eo, i dtráth ar bith.

Cúis: Ar mhaithe le cosaint an chomhshaoil agus le pleanáil cuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

17. Forálfaidh an Plean Bainistíochta Comhshaoil monatóireacht uisce dhromchlách, smúite, torainn agus creatha i gcomhréir le riachtanais Chomhairle Chontae Mhuigh Eo agus, maidir le uisce dromchlách, bíodh an mhonatóireacht i gcomhréir le CIRIA "Rialú ar Thruailliú Uisce ó Thionscadail Tógála Líneach: Treoir Teicniúil" (C648, 2006). Bíodh aon athraithe don chóras monatóireachta faoi réir aontaithe le Comhairle Chontae Mhaigh Eo, i ndiaidh comhairliúcháin le Coiste Monatóireachta an Tionscadail. Cuirfear an mhonatóireacht seo i gcríoch ag an ngnóthaire le linn tógála na píblíne, oibreacha tolláin agus Comhla Insealbhaithe an Chladaigh (go dtí dáta coimisiniú na píblíne agus Comhla Insealbhaithe an Chladaigh), a gcuirfear torthaí na monatóireachta faoi bhráid Chomhairle Chontae Mhaigh Eo ag a leithéid de thréimhsí a shonrófar ag Comhairle Chontae Mhaigh Eo (i ndiaidh comhairliúcháin le Coiste Monatóireachta an Tionscadail). Cuirfear na torthaí uilig ar fáil do iniúchadh ag an bpobal taobh istigh de sheacht lá ó fháil na dtorthaí.

Cúis: Ar mhaithe le smacht comhshaoil cuí le linn tréimhse oibreacha ithreach agus tógála.

18. Cuirfear na torthaí monatóireachta ag teastáil faoi choinníollacha an cheadaithe seo faoi bhráid Chomhairle Chontae Mhaigh Eo go leictreonach agus i bhfoirm crua-chóip agus cuirfear iad ar fáil do iniúchadh an phobail le linn gnáthuaireanta oifige in oifigí Chomhairle Chontae Mhaigh Eo agus in oifigí an ghnóthaire i mBéal an Mhuirthid. Forbróidh an gnóthaire bunachar sonraí ríomhairithe do chlárú agus aistriú an eolais monatóireachta; a n-aontófar a dhearú le Comhairle Chontae Mhuigh Eo.

Cúis: Ar mhaithe le soilléaracht agus oscaillteacht, agus chun éascaíocht mínithe an eolais monatóireachta uilig bailithe agus cláraithe a áisiú.

Clár Gearán

19. Bíodh clár gearán coimeádta ag an ngnóthaire ina oifigí i mBéal an Mhuirthid. Bainfidh an clár seo leis na gearáin scríofa uilig déanta maidir le aon ghné de thréimhse oibreacha ithreach agus tógála na forbartha. Cuimseoidh an clár, a gcuirfear ar fáil do iniúchadh an phobail ar iarratas le linn gnáthuaireannta oifige:

(a) ainm an ghearánaí
(b) nádúr an ghearáin
(c) dáta agus am an ghearáin
(d) gníomhartha tógtha de bharr an ghearáin.

Cúis: Ar mhaithe le monatóireacht cuí na forbartha.

Bainistíocht Tráchta

20. Cuirfear na modhanna bainistíochta tráchta seo a leanas i bhfeidhm agus bíodh aird tugtha dóibh sa Phlean Bainistíochta Tráchta ag teastáil faoi théarmaí an cheadaithe seo:

- Bíodh tarlú na móna tochailte uilig ón láithreán go dtí an láithreán sil-leagain srianta don tslí ainmnithe tarlaithe, agus bíodh teacht ar ais na bhfeithiclí neamhualaithe uilig chuig an láithreán tógála ar an slí tarlaithe. Ni thosnófar le aon tarlú móna go dti críochnú na bhfeabhsaithe ag teastáil ó Chomhairle Chontae Mhaigh Eo ar an gcuid den slí tarlaithe atá i gceist.

- Ní sháróidh uasuimhir gluaiseachtaí Feithlicí Troma Tráchtála fan an slí tarlaithe thar na huimhreacha leagtha síos sa Ráiteas Tionchar Comhshaoil, arna leasú ag cáipéisí curtha faoi bhráid na héisteachta ó bhéal. Coimeádfaidh an gnóthaire clár dena gluaiseachtaí tráchta uilig isteach sna láithreáin agus amach astu, agus bíodh cóip den chlár seo curtha ar fáil do iniúchadh ag Comhairle Chontae Mhaigh Eo agus Coiste Monatóireachta an Tionscadail ar iarratas.

- Tógfar an chomharthacht uilig sonraithe sa Phlean Bainistíochta Tráchta roimh tarlú na móna nó ábhair tógála agus treallamh agus bíodh sí cothabhálta le linn na n-oibreacha tógála. Roimhe seo, nó le linn na tréimhse tarlaithe, tógfaidh an gnóthaire aon chomharthacht eile a theastaíonn Comhairle Chontae Mhuigh Eo chun tarlú sábháilte ábhar tógála a áisiú.

- Fostófar maor tráchta scoile, a íocfar ag an ngnóthaire, chun taisteal ar ghach aon bus scoile nó i dteannta leis an mbus scoile a úsáideann an slí tarlaithe chun dul ar bord / teacht anuas agus trasnú an bhóthair ag na páistí a áisiú an t-am ar fad le linn tarlaithe na móna. Cuirfear socraithe ar bun go seasfaidh na Feithlicí Troma Tráchtála ag úsáid na

slí tarlaithe ar leataobh le linn amanna ligean amach agus piocadh suas ag na scoileanna.

- Déanfar monatóireacht ar thionchar féideartha na mbearta bhainistíocht tráchta agus an chórais tionlacain ar na sceidil bus agus déanfar aon leasaithe riachtanacha, a meastar a bheith riachtanach ag Comhairle Chontae Mhaigh Eo.

Cúis: Ar mhaithe le bainistíocht tráchta éifeachtach, sábháilteacht bóthair agus sábháilteacht an phobail.

21. Bíodh an gnóthaire freagrach do chur i gcríoch Suirbhé Bóithre agus Droichead roimh agus i ndiaidh na tréimhse tógála. Bíodh fairsinge agus ábhar cruinn an tsuirbhé, a bhainfidh go ginearálta leis an ngréasán bóithre a mbeadh tionchair ag an bhforbairt bheartaithe air idir tionchair díreach agus indíreach, i gcomhréir le aontú le Comhairle Chontae Mhaigh Eo. Féádfaidh an suirbhé a chur i gcríoch ag Comhairle Chontae Mhaigh Eo ar iarratas an ghnóthaire.

Cúis: Chun réiteacht ar dhamáiste curtha i leith na forbartha beartaithe a áisiú agus chun cothabháil cuí agus athchóiriú bóithre agus droichid i ndiaidh tógála a chinntiú.

22. I gcás iomarcaíocht ar lámhaltais sprice (ag éirí ón bPlean Bainistíochta Tráchta) do dhromchlánna bóithre agus ceal cothabhála riachtanach an dromchláigh, féadfaidh Comhairle Chontae Mhaigh Eo (i ndiaidh comhairliúcháin le Coiste Monatóireachta na Togra) stad a éileamh ar ghníomhaíocht tarlaithe uilig nó trácht tógála ag baint go díreach leis an bhforbairt.

Cúis: Chun cothabháil cuí dromchlá na mbóithre le linn na dtréimhsí tógála agus tarlaithe a chinntiú ar mhaithe le sábháilteacht tráchta.

23. Rachaidh gach feithicil ag fágáil limistéir tógála na láithreán trí limistéar cuí glanadh rotha. Tógfaidh an gnóthaire gach chéim réasúnta le cinntiú nach sceithfidh nó nach dtitfidh aon ábhar ó fheithiclí ag iompar dramhaíola ón láithreán. Bíodh na bearta ag teastáil i ndáil leis seo leagtha amach sa Phlean Bainistíochta Comhshaoil.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhacht, pleanáil cuí agus forbairt inchothaithe an limistéir agus sábháilteacht tráchta.

24. Bíodh an slí tarlaithe agus sceideal tarlaithe do thréimhse tógála na forbartha sonraithe go soilléar agus foillsithe ar bhealach a aontófar le Comhairle Chontae Mhaigh Eo.

Cúis: Ar mhaithe le bainistíocht tráchta agus chun foráil a dhéanamh do rialú agus athbhreithniú feithicli.

25. Cuirfear iniúchadh sábháilteachta neamhspleách ar an slí tarlaithe uasghrádaithe i gcríoch agus aontófar i scríbhinn é le Comhairle Chontae Mhaigh Eo roimh thosnú tarlaithe móna nó ábhair tógála eile. Bíodh aird ag an iniúchadh ar:

- Na criosanna teoranta luais 60 cm/u, 50 cm/u, 30 cm/u, 20 cm/u atá beartaithe do Fheithiclí Troma Tráchtála.
- Scaradh Feithiclí Troma Tráchtála i dtionlacain.
- Úsáid na slí tarraingte ag coisithe agus rothaithe.
- Trácht scoile ag Poll an tSómais agus seasamh ar leataobh na bhfeithlicí tarlaithe le linn amanna ligean amach agus piocadh suas ag na scoileanna.
- Socraithe maidir le Sochraidí, Seirbhísí Eaglaise ag Poll an tSómais.
- Gnéithe reatha na gCuspóirí Bainistíochta Tráchta.
- Bainistíocht Eachtraí Clisidh Feithiclí.
- Práinneacha agus rochtain iomlán do fheithiclí práinne don slí ag am ar bith.

Cúis: Ar mhaithe le sábháilteacht tráchta.

26. Ar bhóthar L1202 idir Poll an tSómais agus Gleann an Ghad bíodh 50 cm/u mar uasluas do Fheithlicí Troma Tráchtála ag obair ar an tionscadal. Bíodh na srianta luais leagtha amach ar Líníocht 6013-1015 agus maidir le Teach Ósta Mac Craith (20 cm/u) curtha i bhfeidhm freisin, mar atá leagtha amach sa Ráiteas Tionchar Timpeallachta.

Cúis: Ar mhaithe le sábháiletacht bóthair ar bhóthar L1202.

27. Bíodh infheictheacht ag na gabhail láithreán beartaithe ag na hEachú agus an infheictheacht ag an mbealach isteach i láithreán sil-leagain na Sraithe Móire i gcomhréir le caighdeáin an Údaráis um Bhóithre Náisiúnta, mar atá léirithe sna sonraithe leasaithe curtha ar fáil ag an éisteacht ó bhéal [Cáipéis na hÉisteachta ó Bhéal dar Uimhir Tagartha 133].

Cúis: Le cinntiú go mbaintear amach caighdeáin sábháltachta bóithre ag na gabhail seo.

Rialú agus Monatóireacht na Tógála

28. Déanfar an t-uisce dromchlách ón láithreán tógála a luíonn laistigh de abhantrach Loch na Ceathrún Móire a bhailiú, a mhaolú agus a thógáil trí linnte síothlaithe roimh sileadh isteach in Abhantrach Abhann an Líonáin Mhóir. Déanfar monatóireacht ar an gcóras reatha uisce dhromchláigh a fhreastalann ar láithreán an ghnóthaire, agus a sileann isteach in Abhantrach Loch na Ceathrún Móire, ar bhun laethúil i dtús agus ansin ag minicíocht agus do réimse iomlán paraiméadar a aontófar le Comhairle Chontae Mhaigh Eo sula dtosófar leis na hoibreacha tógála agus ag leanacht le linn na n-oibreacha tógála.

Cúis: Is riachtanach clár iomlán monatóireachta agus córas rialaithe do shileadh uisce dhromchláigh a chur i láthair chun truailliú uisce a chosc agus chun an foinse soláthair fíoruisce ag Loch na Ceathrún Móire a chosaint.

29. Cosnófar an limistéar claise glacachta ó bhá a éiríonn i rith ama stoirme trom agus ó aon róshreabhadh ó chainéal 2.

Cúis: Chun cosaint a thabhairt don timpeallacht dá mbeadh aon róshreabhadh i gceist ó chainéal seo.

30. Cuirfear monatóireacht creatha i gcríoch le linn tógála de réir forálacha an Ráitis Tionchar Timpeallachta i gcoitinne agus sa sonra ar leith curtha ar fáil ag an éisteacht ó bhéal [Cáipéis na hÉisteachta ó Bhéal dar Uimhir Tagartha 25]. Tógfaidh an mhonatóireacht san áireamh:

- Monatóireacht ag Limistéar Claise Lainseála Tolláin na n-Eachú agus Monatóireacht ag Limistéar Claise Glacachta Ghleann an Ghad

    (a) Monatóireacht creatha ag gach láithreán ó (i) Gníomhaíocht pileála (ii) Gníomhaíocht Tochailte carraige (iii) Gníomhaíocht Meaisín Tollta Tolláin. I gcás láithreáin Ghleann an Ghad, cuirfear an mhonatóireacht i gcríoch in éindigh le druidim an Mheaisín Tollta Tolláin ar an láithreán.

    (b) Monatóireacht ag 25 mhéadar agus 50 méadar ón bhfoinse ar dhá phlána dronuillógacha ailínithe comhtheormhara agus ingearacha do bhunduilliú nó scoilteachas na carraige nó chomh gar do chomhtheormhar agus ingearach agus is féidir.

- Déanfaidh an mhonatóireacht crut a chur ar fhreagairt talún sonrach an láithreáin dona gníomhaíochta tógála seo agus cuirfidh sí sonraíocht deimhnithe ar fáil le haghaidh athhreithniú na gcreathanna réamh-mheasta ag an samhail.

- Cuirfear tuarascáil míniúcháin agus sonraíocht gníomhaíocht monatóireachta ar fáil do Chomhairle Chontae Mhaigh Eo agus do Choiste Monatóireachta an Tionscadail agus foillseofar iad ar shuíomh ghréasáin i gcomhréir le nósanna imeachta bunaithe.

  Ní sháróidh an crith na caighdeáin leagtha amach i dTreoirlínte an Údaráis um Bhóithre Náisiúnta do Chóireáil Torainn agus Creatha i Scéimeanna Bóithre Náisiúnta ar slí gurbh é na sonraí thíosluaite an t-uasluas incheadaithe creatha (PPV) ag an gcuid is congaraí de aon mhaoin leochailleach (aon teach tógtha san áireamh) do fhoinse na creatha:

Níos lú ná 10Hz	Creathanna uilig>10Hz
8 mm/sec	12.5 mm/sec

Cúis: Chun rialú creatha a fhoráil agus le cinntiú nach mbeidh aon tionchar dochrach ó oibreacha tochailte.

31. Beidh na guaiseacha ar an gClár Rioscaí Geoiteicniúla sa Ráiteas Tionchair Comhshaoil seolta chuig An Bord Pleanála faoi scrúdú leanúnach i rith tréimhse na tógála. Beidh innealtóir cáilithe leis an taithí riactanach ag cur na monatóireachta seo i bhfeidhm. I rith tréimhse tochailte agus tógála, caithfidh an gnóthaire tuairisc a sheoladh maidir leis an gClár Rioscaí gach dhá mhí chuig Chomhairle Chontae Mhaigh Eo agus chuig an Coiste Monatóireachta Tionscadal. Sa thuairisc faightear eolas maidir leis an dul chun cinn déanta ar na guaiseacha agus faireachán a dhéanamh orthu agus beidh aon deacracht airid a tharlaíonn sa thuairisc agus na gníomhaíochtaí chun déileáil leo. Beidh na tuairiscí seo ar fáil laisitigh de sheacht lá tar éis iad a sheoladh ionas go mbeidh an pobal in ann iadsan a scrúdú ag oifigí Comhairle Chontae Mhaigh Eo agus oifig an ghnóthaire i mBéal an Mhuirhead i rith ghnáth-uaireanta oifige.

Cúis: Ar mhaithe le sabháilteacht agus ar mhaithe le pleanáil cuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

Rialú Dramhaíola

32. Caithfidh gach áit stórála umair agus drumaí stórála ar an suíomh a bheith, ar a laghad, bundaithe le toirt nach bhfuil níos lú ná an ceann is mó de na rudaí seo a leanas:-

- 110% d'acmhainn maidir leis an humar nó an drum is mó taobh istigh den áit bundaithe, nó
- 25% den toirt iomlán maidir leis na hábhair a bheith stóráilte san áit bundaithe.

Cúis: Chun truailliú a sheachaint maidir le huisce ar an dromchla agus le screamhuisce

33. Beidh gach áit stórála breosla agus áiteanna chun rudaí a ghlanadh, go háirithe áiteanna chun leoraithe a ghlanadh, tógtha ionas go mbeidh na háiteanna neamhthréscaoilteach i gcomhair ábhair stóráilte nó ábhair ghlanadh agus beidh na háiteanna tógtha ionas nach scaoilfear aon truailliú don screamhuisce.

Cúis: Chun truailliú a sheachaint maidir le huisce ar an dromchla agus le screamhuisce

34. Caithfidh an gnóthaire trealaimh lacáiste ola a choimeád ar na láithreáin, i rith tréimhse na tógála, a mbeidh bumailí agus ábhair ionsúiteacha iontu.

Cúis: Chun truailliú uisce a sheachaint.

35. Sula mbeidh eascairtí dramhaíola caite amach ón suíomh, eascairtí as obair a tharlaíonn ar na tolláin, caithfear tástáil a dhéanamh ar na heascairtí chun cinnteacht a bhaint amach maidir leis an modh cuí chun an dramhaíl a dhiúscairt agus caithfidh an gnóthaire na taifid a choimeád maidir leis an tástail.

Cúis: Chun an comhshaol a chosaint.

Áiseanna Dramhaíola, Sláintíochta agus Bainistíocht

36. Caithfear áiseanna sláintíochta a chur i bhfeidhm sna compúin agus ar shuíomh na hoibreacha tógála agus sna háiteanna ina bhfuil an mhóin leagtha síos i rith tréimhse tógála na forbartha. Aon dramhaíl a éiríonn as na háiseanna seo, caithfidh conraitheoir dramhaíola ceadúnaithe le déileáil leis agus na hábhair a iompar go dtí ionad atá ceadaithe agus in ann an dramhaíl a chóireáil i gceart.

Cúis: Ar mhaithe le sláinte an phobail.

37. Nuair a diúscraíonn múnlach sna áiteanna cóireála cirte, caithfidh an gnóthaire a bheith cinnte go bhfuil gom leor spáis ann ag na hoibreacha chun déileáil leis an múnlach.

Cúis: Ar mhaithe le héisc agus an timpeallacht uisceach ó chosaint ón mbaol truaillithe.

Tógáil ar an bPortach

38. Sula dtógfar an bóthar clocha sa phortaigh, caithfidh Innealtóir/Geolaí, leis an taithí riachtanach, scrúdú a dhéanamh ar an suíomh, roimh aon chúrsaí tógálá, mar atá leagtha amach sa Ráitear Tionchar Timpeallachta agus sa Chllár Rioscaí Geoteicniúla. Go háirithe, caithfear scrúdú a dhéanamh ar na háiteanna atá ainmnithe sa mheasúnú cineálach agus ina bhfuil acmhainneacht meán and ard ann mar gheall ar chliseadh móna, maidir le sin beidh na sonraí thíosluaite i bhfeidhm:

(a) Beidh dearadh an bhóthair clocha agus an chompúin ag na hÉachú athbhreithnithe de réir na coinníollacha a bheith i bhfeidhm ag an suíomh i rith tréimhse na tógála.

(b) Beidh srian i bhfeidhm ar chastreabhadh na móna ón dtaobh mar atá leagtha thíos:

(i) Ní cheadaítear castreabhadh ón dtaobh a dhéanamh sna háiteanna ina bhfuil seans ard go dtarlódh cliseadh móna.
(ii) Ní cheadaítear castreabhadh ón dtaobh a dhéanamh in aon áit thar cinn an Bhóthair Clocha críochnaithe, sé sin an áit ina bhfuil an mhóin curtha síos, beidh sé taobh thiar don áit ina mbeidh an Bhóthair Clocha á thógaint ionas nach mbeidh móin castreabhadh ón dtaobh ar siúl in aice le haon áit ina mbeidh tochailt cúl-líonta iomlán nó go páirteach ar siúl.
(iii) Ní cheadaítear castreabhadh ón dtaobh in aon áit ina bhfuil fána ar an dromchla le fáil nó ag bun na móna agus tá céim ar an bhfána sin níos mó ná trí chéim.
(iv) Ní cheadaítear castreabhadh ón dtaobh laistigh 25 méadar ó bhriseadh sa bhfána atá níos mó ná trí chéim.

Seachas na rudaí atá thuasluaite, caithfidh an gnóthaire na scrúduithe riachtanacha a bhaint amach ar an suíomh, an dearadh agus an anailís, go gcinnteofar go mbeidh cobhsaíocht le fáil ag stór na móna a bheith in-ghlactha i rith tréimhse na tógála. Go háirithe caithfear aire faoi leith a thabhairt do na háiteanna ina bhfuil dearadh an bhóthair go hingearach leis na fánaí comhrianta, sna háinteanna ina mbeidh sé do-dhéanta castreabhadh ón dtaobh a dhéanamh suas na fána ón mbóthar clocha.

Cúis: Ionas go gcinnteofar cobhsaíocht na móna agus cosaint a thabhairt don chomhshaol ó thaobh aon sciorradh móna.

39. Taobh istigh den bhóthar clocha, beidh líonadh carraige faoin trinse maidir leis an bpíblíne agus an nasc imleacáin, sínithe amach ar a laghad 45 céim thar líne thionchair (1 ceartingearach: 1 cothrománach) ó thaobhanna an trinse ag an leibhéal is ísle den phíopa go dtí bun na móna.

Cúis: Ionas go gcinnteofar cobhsaíocht na móna agus cobhsaíocht na píbline agus cosaint a thabhairt don chomhshaol ó thaobh aon sciorradh móna.

40. I rith tógála na píblíne, caithfear aire a thabhairt sna háiteanna ina mbeidh an phíbline leagtha síos laistigh den bhóthar clocha agus faoin mhóin san ithir mhianrach. Caithfear plugaí móna a chur isteach trasna páirtithe an bhóthair clocha ag dá thaobh de na páirteanna sin agus sna páirteanna san lár nach bhfuil níos mó 100 méadar eatarthu.

Cúis: Ionas nach mbeidh an bóthar clocha agus tógáil píblíne ag feidhmiú mar draein fhabhrach sa mhóin.

41. Ag togáil an bhóthair clocha, caithfear bacainní tréscaoilteachta a chur síos san áit ina bhfuil an bóthar ag druidim i leith na habhann Leenamore, an dá sruth agus claíocha, rud a stopfaidh an uisce ag draenáil gan cosc ar an mbóthar.

Beidh sonraí tógála faoin ábhair maidir le cúrsaí draenála agus cúrsaí athchóirithe sa phortach mar an gcéanna ó thaobh chosc ar tréscaoilteachta leis na hábhair mar a úsáidtear ag tógáil an bhóthair clocha.

Cúis: Ionas go laghdófar an éifeacht ag an mbóthar clocha ar hidreolaíocht ar na tailte portaigh.

42. Caithfear ráiteas modhanna maidir le cúrsaí tógála sa phortach a chur i gcrích ina bhfuil luachanna dearaidh coimeádacha le fáil agus ag an am céanna ag cur na mbeart maidir le maolú rioscaí atá leagtha amach sa Chlár Rioscaí Geoteicniúla mar atá le fáil sa Ráiteas Tionchar Timpeallachta, nó mar a bheadh leagtha amach in aon athbhreithniú ar an gclár rioscaí tar éis torthaí na suirbhéanna roimh chúrsaí tógála agus tar éis daingniúchán a bhaint amach maidir le modh tógála agus i rith tréimhse thógáil na forbartha. Beidh daoine profisiúnta leis an saineolas cuí i gceannas ar chúrsaí tógála sa phortaigh agus beidh na daoine sin oilte mar gheall ar chúrsaí geoihidreolaíochta agus éiceolaíochta i leith bratphortach agus taithí acu faoin chúrsaí tógála i bPortach, beidh dualgas ar na daoine sin go mbeidh cosáin hiodrálacha so phortach aitheanta, marcáilte, agus aistrithe go sásúil. Fostófar conraitheoir mar gheall ar an obair agus táithí faoi leith aige maidir le chúrsaí tógála i bPortach.

Cúis: Chun cosaint a thabhairt do éagobhsaíocht mhóna agus go laghdófar an éifeacht ag an bhforbairt ar ghnáthóga sa bhratphortach.

43. Cuirfear monatóireacht ar bun do ábhair agus iarsmaí seandálaíochta ag an láithreán seo i gcomhréir leis na forálacha breactha sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus mar a leanas:

(a) Fostóidh an gnóthaire seirbhísí seandálaí cáilithe go cuí a dhéanfaidh monatóireacht ar oibreacha corraíle talún ag baint leis an bhforbairt.
(b) I gcás go bhfaightear iarsmaí seandálaíochta féadfar stop a chur leis an obair ag brath ar chinneadh ar cén chaoi is fearr déileáil leis an seandálaíocht. Bíodh an gnóthaire ullamh le comhairle a fháil i ndáil leis seo ó Rannóg Oidhreachta agus Pleanála na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus áiseoidh sé an seandálaí i gclárú aon ábhar faighte.
(c) Cuirfidh an seandálaí tuarascálacha ar an monatóireacht faoi bhráid Chomhairle Chontae Mhaigh Eo, Choiste Monatóireachta an Tionscadail agus na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ag tréimhsí rialta de réir breithe Chomhairle Chontae Mhaigh Eo.

Cúis: Chun oidhreacht seandálaíochta an láithreáin a chaomhnú agus chun slánchoimeád aon fhuíollach gurbh fhéidir a bheith ar fáil laistigh den láithreán a chur i gcríoch.

Cosaint Foinsí Fíoruisce

44. Roimh thosnú tógála, aithneofar suíomhanna na dtoibreacha a fhreastalann mar fhoinsí soláthair uisce, arna aontú le Comhairle Chontae Muigh Eo, agus déanfar monatóireacht ar na toibreacha seo roimh, le linn agus i ndiaidh tógála.

Cúis: Chun foinsí reatha fíoruisce sa limistéar a chosaint.

45. Cuimseoidh an gnóthaire sa Phlean Bainistíochta Comhshaoil ráiteas modheolaíochta sonrach le haghaidh tógáil córais draenála uisce dromchláigh agus scaoileadh ón láithreán tógála sa limistéar timpeall ar shlabhracht 91+420 go dtí slabhracht 91+720, sé sin Abhantrach Loch na Ceathrún Móire. Ní scaoilfear uisce dromchlách ón tionscadal tógála isteach in Abhantrach Loch na Ceathrún Móire (Déanann na slabhrachta tugtha anseo tagairt dona slabhrachta 2010).

Cúis: Chun Soláthar Uisce Loch na Ceathrún Móire a chosaint.

Torann, Soilseacht agus Caighdeán an Aeir

46. In áit ina mbeartaítear soilseacht oíche a úsáid i nGleann an Ghad maolófar tionchar na soilse seo lasmuigh dena limistéir oibre ar an slí chéanna a mbeartaítear seo ag na hEachú – toghadh laindéir cuí, soillse ag tabhairt aghaidh síos agus isteach, boird scéithe ag soilse imeallacha, múchadh soillsí nuair nach dteastaítear iad.

Cúis: Chun taitneamhacht cónaithe na háite a chosaint.

47. Cuirfear monatóireacht tionchar soilseachta ar na maoine cónaithe is congaraí agus orthu siúd is mó a mbeadh tionchar orthu ag soilseacht oíche i gcríoch ar chríochnú suiteála na soilseachta agus cuirfear na torthaí faoi bhráid Chomhairle Chontae Muigh Eo agus Coiste Monatóireachta an Tionscadail. Féadfaidh Comhairle Chontae Muigh Eo stiúr a thabhairt don ghnóthaire aon leasú riachtanach sa soilseacht a dhéanamh chun núis dona maoine cónaithe sin a sheachaint.

Cúis: Chun taitneamhacht cónaithe na háite a chosaint.

48. Beidh dearadh an rialaithe soilseachta laistigh den chompún ag na hEachú agus de na compúin i nGleann an Ghad ar bhealach gur féidir an soilseacht a mhúchadh san oíche sna codanna sin nach bhfuil gá na soilse a bheith lasta san oíche.

Cúis: Chun tionchar soilseachta sa tírdhreach san oíche a mhaolú.

49. **Gleann an Ghad**

Clárófar an obair tógála uilig chomh fada agus is féidir chun obair idir 2000 uaire agus 0700 a sheachaint. Nuair a theastaíonn obair oíche ag Gleann an Ghad beidh sé riachtanach aontú scríofa roimh ré a fháil ó Chomhairle Chontae Muigh Eo. Ní chuirfear ach oibreacha riachtanacha i gcríoch san oíche, ag seachaint toin inchloiste agus torann ríogach. Rialófar gineadh torainn láithreáin san oíche agus coimeádfar é ag na leibhéil is ísle gur féidir a bhaint amach. Ní sháróidh na leibhéil torainn ag an ngabhdóir torann-leochailleach is congaraí (tithe) na teorainneacha seo a leanas:-

Lá	0700 – 2000 uaire	Teorainn iomlán:	65dB $L_{AEQ(1\ Uair)}$
Oíche	2000 - 0700 uaire	Spriocleibhéal don dearadh:	35dB $L_{AEQ(1\ Uair)}$
Teorainn oíche ciúin:			40dB $L_{AEQ(1\ Uair)}$
Teorainn iomlán:			45dB $L_{AEQ(1\ Uair)}$

Na hEachú

Ní chuirfear ach oibreacha riachtanacha i gcríoch idir 2000 uaire agus 0700 uaire, ag seachaint toin inchloiste agus torann ríogach. Rialófar gineadh torainn láithreáin san oíche agus coimeádfar é ag na leibhéil is ísle gur féidir a bhaint amach. Ní sháróidh na leibhéil torainn ag an ngabhdóir torann-leochailleach is congaraí (tithe) na teorainneacha seo a leanas:-

Lá	0700 – 2000 uaire	Teorainn iomlán:	65dB $L_{AEQ(1\ Uair)}$
Oíche	2000 - 0700 uaire	Spriocleibhéal don dearadh:	35dB $L_{AEQ(1\ Uair)}$
Teorainn oíche ciúin:			40dB $L_{AEQ(1\ Uair)}$
Teorainn iomlán:			45dB $L_{AEQ(1\ Uair)}$

Cúis: Chun taitneamhacht cónaithe na háite a chosaint.

50. I rith tréimhse tógála agus tarlaithe, coimeádfar íosmhéid ar na léibhéil torainn. Má tharlaíonn aon méadú suntasach ar an leibhéal torann timpeallach ó aon gníomhaíocht, mar shampla píleáil nó briseadh charraige, caithfear fógra a thabhairt do Chomhairle Chontae Mhaigh Eo agus don Choiste Monatóireachta Tionscadal roimh ré. Tabharfar fógra roimh ré faoin sceideal d'aon gníomhaíochta dá gcuirfear isteach ar an bpobal é.

Cúis: Ar mhaithe le sláinte an phobail agus taitneamhachta cónaithe.

51. Ní ceadaítear leibhéil dheannaigh a bheith níos mó na 350 mg/m² gach lá (TA Luft Caighdeán Aeir) nuair a fhaightear an meán-leibhéal ar feadh tríocha lá agus nuair a fhaightear na torthaí sin ag teorainneacha an suímh. Má tharlaíonn aon gníomhaíocht agus samhlaítear go réasúnta go mbeidh na leibhéil dheannaigh níos mó ná an leibhéal thuasluaite, caithfear fógra agus na bearta chun maolú a dhéanamh, a thabhairt do Chomhairle Chontae Mhaigh Eo agus don Choiste Monatóireachta Tionscadal roimh ré agus tabharfar fógra roimh ré don phobal d'aon gníomhaíochta dá gcuirfear isteach ar an bpobal é.

Cúis: Ar mhaithe le sláinte an phobail agus taitneamhachta cónaithe.

Cosaint Thaitneamhacht na hÁite

52. Beidh na tailte go léir athchóirithe, mar atá leagtha amach sa Ráiteas Tionchar Timpeallachta.

Cúis: Ionas go laghdófar éifeacht amhairc na forbartha ar an tírdhreach.

53. Beidh obair an athchóirithe dheireanach ar na himill den bhealach isteach go dtí Comhla Insealbhaithe an Chladaigh (LVI) ón mbóthar poiblí L1202 curtha i gcrích faoi stiúradh an éiceolaí tionscadail

Cúis: Go laghdófar aon éifeacht ar an Limistéar Caomhantais Speisialta.

54. Beidh dualgas ar an ngnóthaire nach mbeidh srian míchuí ar an mbealach isteach go trá Ghleann an Ghad i rith tréimhse na tógála agus nuair a bheidh na hoibreacha tógála i láthair trasna an bhealaigh tradisiúnta isteach don trá ag Gleann an Ghad.

Cúis: Go gcosnófar áis na trá Ghleann an Ghad ar shon muintir na háite i rith tréimhse tógála.

55. Dathófar gach fál ag na teoireannacha ag na compúin in Éachú agus i nGleann an Ghad (‘sé mar thuairim le dath dúghlas nó donn) agus caithfear aontú scríofa faoi seo a fháil ó Chomhairle Chontae Mhaigh Eo

Cúis: Go laghdófar an éifeacht amhairc ón bhfálú ar an tírdhreach.

56. Sula gcuirfear tús leis na hoibreacha tollánaithe, caithfear aontú scríofa a dhéanamh a chuimsíonn ráiteas modha agus modheolaíocht tógála maidir le clais idirghabhála i gCuan Sruth Fada Con, leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) agus le Iascach Intíre Éireann agus leis an an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia. Sa chás go mbeidh a leithéid de chlais idirghabhála riachtanach seo chun na hoibreacha tollánaithe a chur i gcrich, cuirfear na hoibreacha sin i bhfeidhm de réir an aontaithe sin. Muna n-aontófar déanfar an t-ábhar a tharchur chuig an mBord Pleanála chun réitigh.

Cúis: Chun cosaint a thabhairt do na háiseanna nádúrtha na háite.

Coinníollacha Airgid:

57. Sula gcuirfear tús leis an bhforbairt, caithfidh an gnóthaire suim airgid, banna comhlucht árachais, nó urrús aonaithe eile, a chur i dtaisce ag an gComhairle Chontae Mhaigh Eo i dtreo is go mbeidh an suíomh athchóirithe nuair a bheidh úsáid na píblíne agus úsáid na Comhla Insealbhaithe an Chladaigh thart nasctha le comhaontú ag tabhairt an chumhacht don údarás áitiúla an t-urrús seo, nó aon chuid de, a úsáid chun athchóiriú a dhéanamh ar an suímh nó aon chuid den suiomh. Beidh foirm agus méid an urrúis mar a bheith aontaithe idir Comhairle Chontae Mhaigh Eo agus an gnóthaire nó gan aontú, beidh siad mar a réiteoidh an Bord Pleanála.

Cúis: Ionas go mbeidh an suíomh athchóirithe i gceart.

58. (a) Cuirfidh an gnóthaire Ciste Infheistíochta Gnóchain Pobail ar bun i ngach ceann dena cúig bliana ag tosnú i 2011. Is é an cuspóir a bheidh ag an gchiste seo ná maoiniú saoráidí agus seirbhísí den chineál a bhfuil cur síos orthu in alt 6.5 de phríomh-imleabhar an Ráitis Tionchair Timpeallachta curtha faoi bhráid an Bhord Phleanála ar an 31ú lá de Bhealtaine, 2010, agus a rachaidh chun tairbhe an phobail i limistéar na forbartha beartaithe. Beidh €1.7 milliún in aghaidh na bliana sa chiste seo, sé sin méid iomlán €8.5 milliún ar feadh saol an Ciste Infheistíochta Gnóchain Pobail seo, agus íocfar an tsuim seo ar iontaobhas do Chomhairle Chontae Mhuigh Eo.

(b) Aontóidh Comhairle Chontae Mhuigh Eo, trí Bhord Forbartha an Chontae, ar Phlean Forbartha Pobail don Limistéar, a bheidh bunús leathan aige agus nach mbeidh spleách ar an gCiste Infheistíochta amháin. Cuirfidh na cuspóirí, seirbhísí agus gníomhartha cuimsithe sa phlean bunús ar fáil ar a n-íocfar an Ciste Infheistíochta agus ina leith a measfar iarratais ar chistiú. Beidh an plean agus limistéar an phlean faoi réir chomhairliúcháin leis an bpobal áitiúil agus curtha i láthair laistigh de naoi mí ó dháta an Ordaithe seo. Beidh an plean molta ag Bord Forbartha an Chontae agus déanta ag Chomhairle Chontae Mhuigh Eo.

(c) Ní thógfar aon léirmhíniú ón gcoinníoll seo go gcuirfear cosc ar thacaíocht a chur ar fáil ón gCiste Infheistíochta Gnócháin Pobail don Chlár Deontas Áitiúil, Clár na Scoláireachtaí nó na Tionscadail Ciste Forbartha Iorrais Gáis Nádúrtha na Coiribe. Ní chuirfidh aon ní sa choinníoll seo cosc ar an ngnóthaire infheistíocht breise a dhéanamh sa phobal áitiúil tar eis cúig bliana.

Cúis: Chun gnóchan substaintiúil a chur ar fáil don limistéar ina suífear an fhorbairt agus i gcomhréir le Alt 182D(6) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.

Ball den Bhord Pleanála a bhfuil údarás aige séala an Bhoird a fhíordheimhniú.

Dátaithe ar an lá seo de 2011.